Eagrán 5: Samhain 2024

# Celtic Interconnector

La liaison électrique entre la France et l'Irlande

*Connecting the electricity grids of Ireland and France*

## Achoimre ar an Tionscadal

Le tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, cruthófar idirnasc leictreachais idir Éire agus an Fhrainc chun malartú leictreachais idir an dá thír a éascú. Déanfaidh an nasc an fostáisiún leictreachais atá ann faoi láthair i gCnoc Rátha (in oirthear Chorcaí) a cheangal leis an bhfostáisiún in La Martyre (Finistère, an Fhrainc). Cuirfidh sé le soláthar leictreachais níos inbhuanaithe agus níos seasmhaí agus an t-aon nasc díreach fuinnimh amháin idir Éire agus Ballstát den Aontas Eorpach á chur ar fáil aige. Tá an tionscadal á fhorbairt ag EirGrid, oibritheoir an chórais tarchurtha leictreachais in Éirinn, agus a mhacasamhail sa Fhrainc, Réseau de Transport d'Électricité (RTE). Ceaptar go mbeidh sé críochnaithe in 2026.

## San eagrán seo


- Uasdátú Tionscadail
- Cad atá ag Tarlú faoi Láthair
- Tionscadal Leasa Choitinn (TLC)
- Ciste Leasa an Phobail
- Uasdátú RTE (Réseau de Transport d'Électricité)
- Uimhreacha tábhachtacha an Tionscadail
- An Raibh a Fhios Agat


## Uasdátú Tionscadail

Leanann foirne ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn seasta ar na bealaí cábla. Tá trinseáil agus ductháil ar an mbealach cábla AC 400 kV críochnaithe anois, agus tá an t-athchóiriú bóthair ag leanúint ar aghaidh i gcomhar le Comhairle Contae Chorcaí. Tá trinseáil agus ductháil ag leanúint ar aghaidh ar na príomhchodanna bealaigh 320 kV DC, ar an N25 agus ar bhóithre áitiúla. Táthar ag dul ar aghaidh le cáblaí a shiúntáil ar na príomhchodanna bealaigh 400 kV AC.




Tá imscrúdú seandálaíochta (atá léirithe sa phictiúr) curtha i gcrích ar an talamh ag Trá an Chaisleáin Chria, agus táthar ag feitheamh leis na torthaí.

Cóipcheart © 2024 | EirGrid |. Gach ceart ar cosaint.

Co-financed by the Connecting Europe Facility of the European Union

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

# Cad atá ag Tarlú faoi Láthair

## Cábla

Le sciartha móra de chábla faoi thalamh curtha in áit anois, tá an chéad chéim eile den phróiseas cáblaithe, sin cáblaí a cheangal, ar bun faoi láthair.

Tá an obair sin ar bun sna bánna siúntála atá ar feadh an bhealaigh.

## Stáisiún tiontaire

I gcroílár fhorbairt an idirnascaire, feictear an dul chun cinn tapa ag láithreán an stáisiúin tiontaire, i mBaile Adaim i ngiorracht do Charraig Thuathail, agus tá Siemens Energy agus conraitheoirí ag leanúint leis na príomhoibreacha sibhialta ar an láithreán.

Tá dul chun cinn tapa ar siúl san obair chruach don stáisiún tiontaire agus cloch mhíle i dtógáil an stáisiúin á baint amach leis. Beidh ról ríthábhachtach ag an stáisiún tiontaire in aistriú an tsrutha dhírigh ardvoltais (SDAV) chuig sruth ailtéarnach (SA) agus a mhalairt, ag cumasú sreabhadh fuinnimh saoráideach idir Éire agus an Fhrainc.

## Fostáisiún Bhaile an Ghogánaigh


Leanann an obair ar aghaidh ag an bpointe ceangailte líonra ag fostáisiún Bhaile an Ghogánaigh 400 kV, atá á thógáil in aice le fostáisiún BSL Chnoc Rátha 220 kV. Is fostáisiún é sin ina ndéanfar an soláthar leictreachais SAAV 400 kV ón idirnascaire a chlaochlú síos go 220 kV, sula nascfar é isteach sa líonra náisiúnta.

## Teacht i dTír

Agus imscrúdú seandálaíochta curtha i gcrích ar Thrá an Chaisleáin Chria, tá ullmhúcháin thábhachtacha ar bun sula gcuirfear tús le hobair don teacht i dtír.

## Cúrsaí Mara

Tá oibreacha in uiscí na hÉireann críochnaithe anois don bhliain 2024.





*Cóimeáil oibreacha cruach fhoirgneamh an tiontaire ag láithreán an stáisiúin tiontaire ag Baile Adaim.*

## Ar Muir

Agus sinn ag machnamh ar ghníomhaíochtaí shuirbhé mara na bliana seo, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don ról ríthábhachtach a bhí ag an bpobal iascaireachta agus iad ag cabhrú linn an feachtas seo a bhaint amach. Comhoibriú luachmhar a bhí ann a chabhraigh linn obair éifeachtúil a dhéanamh fad is a ndearnamar aon chur isteach ar oibríochtaí laethúla iascaireachta a íoslaghdú.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leo freisin as a gcuid oscailteachta agus ionchuir ó thús go deireadh an phróisis. D'éisteamar go cúramach lena gcuid ábhar imní, go háirithe an tábhacht a bhaineann le fanacht amach as an gceantar le linn an tséasúir séaclaí, agus rinneamar tréaniarracht meas a thaispeáint ina leith sin. Threoraigh an t-aiseolas a fuaireamar na hiarrachtaí sin, agus chuir sé ar ár gcumas ár spriocanna a bhaint amach i gcomhréir leis an tslí bheatha iascaireachta.

Táimid ag tnúth go leanfar leis an gcomhoibriú dearfach sin isteach in 2025, ag cinntiú go mairfidh na riachtanais leictreachais don todhchaí agus gníomhaíochtaí iascaireachta ag an am céanna go hinbhuanaithe amach anseo.



**Ronan Lynch**
Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh
087 490 4786

## Tionscadal Leasa Choitinn

Is príomhthionscadail bhonneagair an AE iad tionscadail leasa choitinn (TLCanna) atá dírithe i dtreo margadh inmheánach fuinnimh Eorpach a threisiú agus ag cabhrú leis an AE a chuspóirí fuinnimh agus aeráide a bhaint amach: fuinneamh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe a chur ar fáil do gach Eorpach agus geilleagar aeráid-neodrach á shaothrú faoin mbliain 2050.

Agus é roghnaithe mar Thionscadal Leasa Choitinn (TLC) siar in 2013, beidh ról lárnach ag Tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh i mbonneagar fuinnimh na hEorpa a neartú. Éascóidh sé slándáil fuinnimh in Éirinn fad is a bheith acmhainneacht le haghaidh aistriú fuinnimh glan idir Éire agus an Fhrainc á feabhsú. Cuirfidh sé brú síos ar an gcostas leictreachais, agus cuirfidh sé eangach níos athléimní agus nua-aimseartha ar fáil, ag cabhrú le hÉirinn a spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide a bhaint amach.

Tá an tionscadal incháilithe do chúnamh airgeadais faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) de bharr gur thionscadal TLC atá i gceist leis agus baineann an tionscadal tairbhe as deontas €530.7 milliún. De bharr na tacaíochta tábhachtaí sin, bhí Éire in ann dul ar aghaidh leis an tionscadal bonneagair fíorthábhachtach seo i dtaca lenár bpáirtithe tionscadail, RTE. Tá an tionscadal sceidealaithe lena chur i gcrích faoi 2026 agus é mar an t-aon idirnasc leictreachais reatha amháin idir Éire agus ballstát eile den AE.



*Mar thionscadal TLC, baineann an tionscadal tairbhe as leas uile-Aontais. Ghlac grúpa lena n-áirítear Sinéad Dooley, Oifigeach Caidrimh Phoiblí, EirGrid agus an tOllamh Brian Ó Gallachóir, MaREI páirt i ngníomhaíocht rannpháirtíochta MaREI, UCC i bPáras níos luaithe i mbliana nuair a fiosraíodh an sochar sochaíoch comhleasa a bhaineann le hidirnasc a dhéanamh idir tíortha agus comhphobail na hEorpa.*

# Uasdátú ar Dhúnadh Bóithre

### Ag Dul ar Aghaidh

- Cuid M: Trinseáil agus duchtáil ar an L-7629 ó Luan, 21 Deireadh Fómhair go dtí Aoine, 20 Nollaig.
- N25: Trinseáil agus duchtáil ag leanúint ar aghaidh ar an N25
- Tá Céim 1 idir Achomhal Bhaile an Teampaill (Thuaidh) agus Baile na Martra nach mór críochnaithe.
- Leanfar le Céim 2 idir Baile na Martra agus Cill Ia ina dhiaidh sin.
- Tá luasteorainn 60 km/u i bhfeidhm ar gach cuid den bhóthar ar a bhfuil obair ar siúl.
- Beidh obair easbhóthair ar bun timpeall ar shráidbhailte Bhaile na Martra agus Chill Ia.

Le haghaidh níos mó eolais maidir le dúnadh bóithre féach, le do thoil, www.eirgrid.ie/ celticinterconnector D'fhéadfadh go mbeadh athrú i gceist le haon cheann de na dátaí.



*Bánna siúntála á suiteáil le taobh bhealach an chábla.*

## Ag Díriú ar Cháblú

Caithfear cáblaí Srutha Ard-Voltais a shuiteáil thar trí chéim aonair.

1. Trinse a ullmhú agus duchtanna plaisteacha a shuiteáil.
2. An cábla fuinnimh a shuiteáil agus a tharraingt trí na duchtanna agus oibreacha gaolmhara.
3. Codanna de cháblaí a shiúntáil.

Tá an obair sin feicthe ag úsáideoirí bóthair agus cónaitheoirí in Oirthear Chorcaí le roinnt míonna anuas. Go rialta feadh na dtrinsí cábla aitheanta, suiteáladh boscaí comhchumair chun siúntáil codanna de cháblaí le hais a chéile a éascú. Is gníomh thar a bheith tábhachtach é cáblaí a shiúntáil, agus déantar é faoi choinníollacha rialaithe ar ardchaighdeán chun sláine na gcóras cáblaí agus an Idirnascaire Cheiltigh a chinntiú. D'fhéadfadh sé go dtógfar cúpla seachtain an obair sin a dhéanamh, agus caithfear í a dhéanamh go rialta feadh fhad iomlán an chábla.

Chun srianta tráchta ag na suíomhanna sin a mhaolú, tá cuas scoite curtha ar fáil ag an bhfoireann aon áit is féidir ar bhóithre cúnga ionas gur féidir leis an trácht leanúint ar aghaidh timpeall ar an mbosca comhchumair. Cé go bhfuil dúnadh bóithre sealadach agus bainistiú tráchta riachtanach ar bhóithre cúnga, ionas go gcinnteofar sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe agus na n-úsáideoirí bóthair agus dul chun cinn tapa na n-oibreacha, ligeann na cuasa scoite sin do ghnáthchúrsaíocht tráchta atosú chomh tapa agus is féidir. Tá sé sin beartaithe chun tionchar na n-oibreacha ar úsáideoirí bóthair a íoslaghdú go mór, agus ní féidir é a dhéanamh ach trí chomhoibriú agus chomhaontú le húinéirí talún áitiúla a éascaíonn na hoibreacha.

## Ciste Leasa an Phobail

Bronnadh an chéad chéim de Chiste Leasa Pobail an Idirnascaire Cheiltigh i mí na Nollag 2023. D'éirigh le naoi ngrúpa pobail is fiche ar fud réimse an tionscadail, agus fuaireadar €838,987 san iomlán. Le linn an tionscadail, déanfar €2.4 milliún san iomlán a dháileadh tríd an gciste sin.

Chun tuilleadh léargais a fháil ar na tionscadail, bhuail grúpa ionadaithe ón tionscadal le baill den phobal chun a scéalta a fháil, ionas go roinnfear iad le rannpháirtithe a d'fhéadfadh a bheith ann, lena bpobail agus lena gcomharsana.

### Bus Pobail Eochaille / Grúpa Iompair Pobail Eochaille

D'éirigh le Grúpa Iompair Pobail Eochaille €70,000 a fháil ó Chiste Leasa Pobail an Idirnascaire Cheiltigh le haghaidh feithicil leictreach 6 shuíochán atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí a cheannach.

Agus é ag caint faoin maoiniú, dúirt Tommy Collins, Cathaoirleach Ghrúpa Iompair Pobail Eochaille:

> **In Eochaill, táimid go mór ar an eolas faoin gcomhshaol agus athrú aeráide agus ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le EirGrid as €70,000 a thabhairt dúinn i dtreo bus leictreach úrnua a cheannach, cabhróidh sé leis an gcomhshaol agus le go leor daoine in Eochaill.**



*Tommy Collins, Cathaoirleach Ghrúpa Iompair Pobail Eochaille i dteannta Oifigeach Idirchaidrimh Pobail EirGrid, Michelle Walsh.*

### Uasghrádú Tuilsoilse LED do Chlub Rugbaí (CR) Eochaille

Fuair Club Rugbaí Eochaille €30,000 ó Chiste Leasa Pobail an Idirnascaire Cheiltigh chun a thuilsoilse a uasghrádú chuig LED.

Dúirt Wayne Fitzgerald, Uachtarán Chlub Rugbaí Eochaille agus é ag caint faoin tionscadal:

> **Tá tuilsoilse LED níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, tá siad níos marthanaí agus úsáideann siad níos lú $CO_2$, rud atá á dhéanamh ag EirGrid cheana ar a n-aistear i dtreo todhchaí ísealcharbóin. Gabhaimid buíochas le EirGrid as ucht tacú leis an tionscadal seo mar nach mbeadh an tionscadal curtha i gcríoch gan iad.**



*Labhair Wayne Fitzgerald, Uachtarán Chlub Rugbaí Eochaille le hionadaithe EirGrid ar an tábhacht a bhaineann le maoiniú EirGrid chun an tionscadal a bhaint amach.*

## Forbairt Ghairdín na gCéadfaí Scoil Náisiúnta Chluain Pruachais

D'éirigh le Scoil Náisiúnta Chluain Pruachais maoiniú a fháil chun cabhrú lena hiarrachtaí gairdín na gcéadfaí a fhorbairt ar mhaithe le gach dalta sa scoil. Bhronn EirGrid €5,000 ar an scoil.

Dúirt príomhoide Scoil Náisiúnta Chluain Pruachais, James Leahy:

> **Tá sé mar aidhm againn spás a fhorbairt mar ghairdín na gcéadfaí chun teacht le riachtanais ár ndaltaí, mar scoil tá sé de dhualgas orainn teacht le riachtanais folláine ár ndaltaí agus gach duine a chur san áireamh maidir leis an tionscadal seo. Táimid buíoch de EirGrid as an maoiniú, beidh tionchar ollmhór aige ar an scoil, ar an bpobal agus níos tábhachtaí fós, ar na daltaí.**

Tabhair cuairt ar eirgrid.ie/celticinterconnector#CBF chun amharc ar thuilleadh maidir leis na tionscadail rathúla.



*James Leahy, Príomhoide, Scoil Náisiúnta Chluain Pruachais*




*Leanann an tógáil ar aghaidh ag láithreán an stáisiúin tiontaire in La Martyre*

## Uasdátú RTE (Réseau de Transport d'Électricité)

Ba thréimhse rathúil é Samhradh 2024 do Thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh. Ar muir, cuireadh na hoibreacha teacht i dtír ag Cléder agus Saint Pol-de-Léon i gcrích roimh shéasúr an tsamhraidh, i gcomhréir le gealltanais do na bardais. Faoi dheireadh na bliana, díreofar an obair ar an mbá shiúntála aistrithe a shuiteáil.

Ar thalamh, tá oibreacha trinseála agus duchtála ag dul chun cinn trí roinnt bardas. Chríochnaigh an meaisín tollta miontollán, an "Azénor", leis an obair faoin abhainn Elorn agus an líne iarnróid idir Brest agus Páras.

Ag an am céanna, rinneadh comóradh chothrom lae chéad bhliana an stáisiúin tiontaire i láthair Xavier Piechaczyk, Cathaoirleach Bhord Bainistíochta RTE, Doireann Barry ó EirGrid agus príomhpháirtithe leasmhara áitiúla eile.



## Uimhreacha tábhachtacha an Tionscadail

**816,000**

líon measta na n-uaireanta oibre a ndearnadh ar an tionscadal go dtí seo ag Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe an Idirnasacaire Cheiltigh (CIDAC).

## An Raibh a Fhios Agat?

Mar chuid de ról EirGrid, tá 7,500km de chiorcaid leictreachais á bhainistiú acu, lena n-áirítear líne chumhachta lastuas agus cáblaí faoi thalamh. Is leor an méid sin chun an tAtlantach a thrasnú – agus filleadh ar ais arís!

## Amlíne Tionscadail

### 2024

Suirbhéanna Mara.

Ag leanúint ar aghaidh le hoibreacha trinseála agus duchtála i ndáil le cáblaí talaimh SAAV agus SDAV.

Tús le suiteáil agus siúntáil cáblaí talaimh SAAV agus SDAV.

Dul chun cinn ar shuiteálacha stáisiúin tiontaire.

### 2025

Tús le suiteáil cábla mara amach ón gcósta.

Críoch le suiteáil agus siúntáil cáblaí talaimh SAAV agus SDAV.

Foirgnimh stáisiúin tiontaire críochnaithe.

### 2026

Críoch le suiteáil cábla mara amach ón gcósta.

Feachtais chosanta cáblaí fomhuirí.

Tástálacha coimisiúnaithe.

Tástálacha córais idirnascaire.

Tús le triail-tréimhse feidhmiúcháin.




*Ghlac Shane Cooney, Rachel Healy, Wade Poulter agus Patrick Kinehan ó na Celtic Watt Warriors páirt in ócáid Shár-Réaltaí is Aclaí Oirthear Chorcaí a bhí urraithe ag EirGrid a thug tacaíocht do CEASC (Pobal Spóirt Lúthchleasaíochta Oirthear Chorcaí). Tá an fhoireann sa phictiúr in éineacht le comhordaitheoir na hócáide agus an bainisteoir iomána Davy Fitzgerald.*

## Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn

In EirGrid, táimid tiomanta do chomhairliúchán le pobail ag gach céim d'fhorbairt an tionscadail.

Táimid an-bhuíoch as foighne agus tacaíocht leanúnach na bpobal, na n-úinéirí talún agus na bpáirtithe leasmhara agus muid ag dul ar aghaidh leis an obair seo.




### Michelle Walsh

Oifigeach Idirchaidrimh
Pobail EirGrid
085 870 4999





### Jean O'Donovan

Oifigeach Idirchaidrimh
Pobail Sorensen
086 032 6171


Scan anseo chun a bheith cothrom le dáta maidir le dul chun cinn an tionscadail, nó tabhair cuairt ar www.eirgrid.ie/celticinterconnector

Le clárú d'uasdátú tionscadail trí ríomhphoist liostáil ag celticinterconnector@eirgrid.com

Is féidir díchlárú ó uasdátuithe ag uair ar bith trí ríomhphost a chur celticinterconnector@eirgrid.com

### Uasdátú Téacs

Más mian leat Uasdátú Téacs a fháil maidir le bóithre a bheidh dúnta, cláraigh d'ár seirbhís Téacs **SAOR IN AISCE** trí théacs le **INTER** a chur chuig **50015**.

### Uasdátú Ríomhphoist

Más mian leat uasdátú ríomhphoist a fháil maidir le dúnadh bóithre, cuir ríomhphost le do thoil chuig celticinterconnector@sorensen.ie


EirGrid

Co-financed by the Connecting Europe Facility of the European Union

Tá tionscadal an idirnascaire Cheiltigh á fhorbairt ag EirGrid, oibritheoir an chórais aistrithe fuinnimh in Éirinn, agus a mhacasamhail sa Fhrainc, RTE (Réseau de Transport d'Électricité).



Cóipcheart © 2024 | EirGrid |. Gach ceart ar cosaint.

WORLD LAND TRUST™
www.carbonbalancedpaper.com
CBP002856



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040